C/2025/753

31.1.2025

**Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú nach mionleasú é ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2025/753)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR FHORMHEAS AR LEASÚ, NACH MIONLEASÚ É, AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE LE hAGHAIDH AINMNIÚCHÁIN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT/TÁSCA GEOGRAFACHA FAOI CHOSAINT

**Iarratas ar fhormheas ar leasú nach mionleasú é i gcomhréir le hAirteagal 53(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012**

**‘Ail rose de Lautrec’**

**Uimh. AE: PGI-FR-0193-AM01 – 30.3.2021**

**ATFC ( )  TGFC (X)**

1. **Grúpa iarrthach agus leas dlisteanach**

Syndicat de Défense du Label Rouge Ail rose et de l’IGP Ail rose de Lautrec [Comhlachas Cosanta le haghaidh ‘Ail rose’ Label Rouge agus TGFC ‘Ail rose de Lautrec’]
20 rue du Mercadial
81400 Lautrec
FRANCE

Teil. +33 563759031

R-phost: info@ailrosedelautrec.com

Is éard atá in Syndicat de Défense du Label Rouge Ail rose et de l’IGP Ail rose de Lautrec, comhlachas gairmiúil arna rialú ag an gCód Saothair, táirgeoirí-pacáisteoirí gairleoige agus saoráidí pacáistithe (thart ar 160 oibreoir). Tá leas dlisteanach aige i gcur isteach an iarratais.

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Fhrainc

3. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear**

☐ Ainm an táirge

☒ Tuairisc ar an táirge

☒ Limistéar geografach

☒ Cruthúnas tionscnaimh

☒ Modh táirgthe

☒ Nasc

☒ Lipéadú

☒ Eile: mionsonraí an ghrúpa iarrthaigh, an chineáil táirge, na gcomhlachtaí rialaithe, na gceanglas náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta, scriosadh na n-achoimrí agus na léarscáileanna.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

4. **Cineál an leasaithe (na leasuithe)**

☐ Leasú ar shonraíocht táirge le haghaidh ATFC cláraithe nó TGFC cláraithe nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

☒ Leasú ar shonraíocht táirge le haghaidh ATFC cláraithe nó TGFC cláraithe nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, leasú nár foilsíodh Doiciméad Aonair (ná a choibhéis) ina leith.

5. **Leasú (nó na leasuithe)**

5.1. *Leasuithe nach ddéanann difear d'eilimintí criticiúla*

— Roinn 'Tuairisc ar an táirge'

Cuireadh eilimintí tuairisciúla isteach chun an táirge a shainmhíniú ar bhealach níos fearr, lena sonraítear gur gairleog mhalartach é, ar téarma níos iomchuí é ná 'gairleog earraigh' chun tuairisc a thabhairt ar ghairleog a bhfuil tréimhse fhada shuanachta aici. Baineann na príomheilimintí nua le méid, cruth bleibe agus an líon ingne, agus an chaoi a bhfuil an diosca fréimhe agus an bhleib le cur i láthair. Cuireadh tuairisc ar fhabhtanna sa chuma isteach chun na ceanglais a bhaineann le cur i láthair na bleibe a fhorlíonadh.

Cuireadh lamháltais (céatadáin) is infheidhme maidir le diallais a bhaineann le fabhtanna cuma agus le méideanna sa tsonraíocht táirge. Leis na tásca sin, mar aon leis na rialacha sórtála agus méide a dtugtar tuairisc orthu sa roinn 'Modh táirgthe', soláthraítear tuairisc níos iomláine ar an táirge. Na luachanna céatadáin lamháltais a leagtar amach sa tsonraíocht táirge, comhfhreagraíonn siad do na luachanna a leagtar síos le Caighdeán UNECE FFV-18 le haghaidh na hAicme 'Breise'.

Ar deireadh, cuireadh abairt sa roinn seo maidir le modhanna cur i láthair 'Ail rose de Lautrec', a dtugtar tuairisc mhionsonraithe orthu ansin sa roinn 'Modh táirgthe' den tsonraíocht táirge agus faoi phointe 3.5 den Doiciméad Aonair.

— Roinn 'Limistéar geografach'

Leasaíodh an roinn maidir le 'Limistéar geografach' 'Ail rose de Lautrec' sa tsonraíocht táirge agus cuireadh leis an Doiciméad Aonair í. Ní dhéantar difear leis na leasuithe sin d'imlíne an limistéir gheografaigh, nach bhfuil aon athrú déanta air.

Cuireadh liosta de na bardais sa limistéar geografach, a bhfuil gach ceann acu suite i Roinn Tarn, in ionad chur i láthair na mbardas de réir cantúin.

Cuireadh an téacs seo a leanas sa roinn den tsonraíocht táirge maidir leis an sainmhíniú ar an limistéar geografach:

'Déantar saothrú, triomú, stóráil agus pacáistiú sa limistéar geografach sainithe.'

Áiríodh sa tsonraíocht táirge an srian ar phacáistiú i limistéar geografach 'Ail rose de Lautrec', cé go raibh an cleachtas sin ar bun ag oibreoirí cheana féin.

Forlíonadh an Doiciméad Aonair freisin. Chuige sin, cuireadh na habairtí seo a leanas isteach:

— Faoi phointe 3.4: 'Déantar saothrú, scamhadh agus triomú sa limistéar geografach.'

— Faoi phointe 3.5: 'Déantar "Ail rose de Lautrec" a phacáistiú, laistigh den limistéar geografach, i gcliathbhoscaí, i gciseoga, i málaí nó i líonta.'

Ós rud é gur scriosadh na hiarscríbhinní ón tsonraíocht táirge, scriosadh an abairt seo a leanas freisin:

'Taispeántar an limistéar geografach ar an léarscáil san iarscríbhinn, léarscáil ina dtaispeántar freisin an áit a bhfuil na gnóthais lonnaithe.'

Scriosadh an abairt lena dtugtar tuairisc ar dháileadh táirgeoirí ar fud an limistéir ón tsonraíocht táirge, toisc nach gcuidíonn an fhaisnéis chúlra a soláthraíodh an tuiscint.

— Roinn ‘Cruthúnas tionscnaimh’

Comhfhreagraíonn an roinn sin don cheannteideal ‘Inrianaitheacht táirgí’ den tsonraíocht táirge atá ann cheana agus rinneadh í a athdhréachtú i bhfoirm tábla agus a leathnú faoi Roinn 4 den tsonraíocht táirge. Tugtar tuairisc sa tábla anois ar na doiciméid a cuireadh i bhfeidhm chun gur féidir faireachán agus rialú a dhéanamh ar an táirge a bhfuil tásc geografach faoi chosaint aige ag gach céim den táirgeadh, le haghaidh gach oibreora agus le haghaidh bliain margaíochta ar leith.

Cuireadh an ceanglas seo a leanas sa réamhrá i Roinn 4 den tsonraíocht táirge maidir le ‘Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh é an táirge’, chun ceanglais rialála náisiúnta a chomhlíonadh: ‘Aitheantas na n-oibreoirí: Ní mór do na hoibreoirí uile ar mian leo páirt a ghlacadh sa phróiseas táirgthe “Ail rose de Lautrec”, go hiomlán nó go páirteach, údarú an ghrúpa a lorg’.

Tá na hoibleagáidí tuairiscithe seo a leanas ón téacs a cláraíodh ar dtús san áireamh sa tábla: dearbhú maidir le huainíocht na mbarr ag céim an tsaothraithe agus cuntasaíocht stoic ag céim an phacáistithe agus na margaíochta sa tsaoráid phacáistithe.

Cuireadh ceanglas isteach go gcoinneodh an táirgeoir ‘bileog faireacháin barr’ ina dtaifeadfar an obair uile shaothrúcháin a dhéantar ar dháileacht (leasú, gais blátha a bhaint, nó *despoulinage*, dáta buainte agus fíorú aibíochta).

Tá an ‘clár táirgthe’ dá dtagraítear faoi phointe 2 den mhír maidir le ‘Inrianaitheacht táirgí’ den tsonraíocht táirge atá ann cheana ina chuid den ‘chlár margaíochta’ anois. Cuireadh isteach ‘bileog faireacháin fuarstórála’ agus ‘taifead ar chaillteanas meáchain’, ionas gur féidir inrianaitheacht na gairleoige a rianú ó tháirgeadh go margaíocht.

Ceanglais bhreise maidir le saoráidí pacáistíochta is ea ‘nótaí seachadta’, ‘bileog aitheantais pailléid’, ‘cuntasaíocht agus lipéid stoic’, ‘orduithe nó sonraisc sheachadta’ agus ‘bileog stoic pacáistithe’, lena n-áirithítear gur féidir an ghairleog a rianú go dtí go gcuirfear ar an margadh í.

Bogadh an sreabhléaráid táirgthe chuig Foroinn 5.1 den tsonraíocht táirge faoin gceannteideal ‘Modh táirgthe’.

— Roinn ‘Modh táirgthe’

Foroinn 5.1 ‘Sreabhléaráid táirgthe’

Bogadh an sreabhléaráid táirgthe ón mír den tsonraíocht táirge bhunaidh maidir le ‘Inrianaitheacht’ agus leasaíodh í.

Tugadh tuairisc ar na céimeanna táirgthe a leagtar amach sa tsonraíocht táirge agus tugadh i gcomhréir iad leis na leasuithe éagsúla ar an roinn ‘Modh táirgthe’. Scriosadh na céimeanna iarphacáistithe toisc nach bhfuil siad mar chuid de cheanglais shonraíocht táirge an TGFC. Níl feidhm acu ach amháin maidir leis an tsonraíocht le haghaidh ‘Ail rose’ Label Rouge LA Uimh. 02/66 a formheasadh ar an leibhéal náisiúnta.

Airíodh na doiciméid inrianaitheachta (dearbhú, clár agus cuntasaíocht stoic) sa tábla faoi Roinn 4 ‘Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh é an táirge’.

Foroinn 5.2 ‘Rogha cineálacha’

Ós rud é go meastar gur saintréith fhíor-riachtanach de TGFC ‘Ail rose de Lautrec’ é an cineál, agus i gcomhréir le moltaí ón gCoimisiún Eorpach, áiríodh liosta uileghabhálach cineálacha sa tsonraíocht táirge agus sa Doiciméad Aonair.

Foroinn 5.3 ‘Rogha síl’

Leasaíodh foclaíocht na foroinne sin go háirithe chun cion íosta de shíol deimhnithe 20 % a thabhairt isteach. Is é an príomhchuspóir a bhaineann le síolta deimhnithe a úsáid caillteanais mhóra a sheachaint tráth na buainte, mar ráthaíonn deimhniú cumas péactha agus stádas sláinte an tsíl. Comhfhreagraíonn an cion sin do chleachtais atá ann faoi láthair agus don acmhainneacht soláthair iarbhír le haghaidh cineálacha údaraithe.

Scriosadh an fhéidearthacht síolta a ndearnadh cóireáil uisce the orthu a úsáid toisc gur cleachtas caighdeánach é sin cheana féin maidir le síol deimhnithe agus nach ndéantar é ar shíol neamhdheimhnithe.

Athraíodh foclaíocht na féidearthachta síol ar a dtugtar síol feirme a úsáid (dá dtagraítear sa tsonraíocht táirge atá ann cheana mar 'síol de thionscnamh síol deimhnithe') ach coinníodh í chun soláthairtí síolta a ráthú d'ainneoin éiginnteachtaí (a bhaineann leis an aimsir go háirithe), ós rud é go raibh fadhbanna ag an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta roimhe seo maidir le soláthar síl dheimhnithe. Níl an fhéidearthacht sin teoranta ach do na cineálacha atá údaraithe le haghaidh TGFC 'Ail rose de Lautrec' agus dá bhrí sin ní dhéanann sé difear do cháilíocht an táirge. Forlíonadh an pointe sin chun a áirithiú go gcoinneofar cáilíocht an tsíl feirme ar bun: cé is moite den chineál Rose de Lautrec, a tháirgtear go heisiach ar na gabháltais, ní mór do shíol feirme teacht ó shíol a deimhníodh i mbliain n-1.

Míreanna maidir le 'Fiailí' agus 'Galar' sa tsonraíocht táirge atá ann cheana

Scriosadh na míreanna sin ón tsonraíocht táirge toisc gur comhairle agus dea-chleachtais saothraithe atá iontu.

Foroinn 5.4 'Rogha dáileachta'

Leasaíodh foclaíocht na habairte sa tsonraíocht táirge a bhaineann leis an gcineál ithreach ina bhfástar an ghairleog.

Maidir leis an abairt: 'Ithir: cré-aolchloch' cuireadh an abairt seo a leanas ina hionad: 'Táirgtear Ail rose de Lautrec in ithir chré-aolchloiche'.

An ithir a úsáidtear chun Ail rose de Lautrec a chur, tá sí den chineál cré-aolchloiche fós.

Foroinn 5.5 'Uainíocht na mbarr'

Cuireadh an abairt seo a leanas sa tsonraíocht táirge: 'Níor cheart plandaí den ghéineas allium a bheith curtha sna dáileachtaí sna 3 bliana as a chéile roimhe sin'.

Tríd an oibleagáid sin a chur isteach, cosnaítear na dáileachtaí ar rioscaí sláinte (seachnaítear éilliú ó ghalair áirithe).

Foroinn 5.6 'Cur'

Tugadh an dáta tosaigh le haghaidh cuir ar aghaidh 10 lá (an 20 Samhain seachas an 1 Nollaig) agus scriosadh an dáta deiridh le haghaidh cuir. Cinneadh síneadh a chur leis an tréimhse churtha chun leas a bhaint as dálaí maithe curtha (aimsir, riocht ithreach), agus ar an gcaoi sin a áirithiú go maireann an síol agus go gcuirfidh sé fréamhacha maithe síos agus go bhfásfaidh na síológa go maith ansin. Nuair a chuirtear plandaí faoi dhálaí maithe, cuirtear teorainn le hionsaithe bithphataiginí, go háirithe *Peinicilliam*, a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar chaithriú agus fás na síológ a chur i gcontúirt. Cuireann tréimhse churtha róghearr iallach ar tháirgeoirí dul ar aghaidh le cur fiú faoi dhálaí neamhfhabhracha.

D'fhéadfadh péacadh tosú an athuair roimh am mar thoradh ar chur ró-luath agus d'fhéadfadh na síolta a bheith ró-íogair do shioc an gheimhridh. Sin é an fáth gur coinníodh dáta tosaithe an chuir.

Foroinn 5.7 'Sloda séarachais a chur'

Tugadh isteach srian ar shloda séarachais a chur. Tugadh an toirmeasc sin isteach go príomha chun an riosca a sheachaint go gcuirfí miotail throma leis na dáileachtaí atá beartaithe le haghaidh táirgeadh gairleog agus ar an gcaoi sin éilliú an táirge a sheachaint, ós rud é gur ionsúire miotal trom nádúrtha í an ghairleog.

Foroinn 5.8 'Leasú'

Leasaíodh an fhoroinn seo den tsonraíocht táirge chun críoch soiléirithe.

Cinneadh na dáileoga údaraithe leasacháin a léiriú go soiléir seachas cóimheasa a úsáid.

Cuireadh leis an oibleagáid an méid nítrigine a roinnt ina dháileoga ar leithligh chun an planda a chosaint ar an iomarca nítrigine, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'fhás na bleibe agus a bheith ina chúis le scoilteadh agus le forbairt ingne an-bheag (*surgoussage*).

Scriosadh an tagairt do 'talamh le fána maith', toisc gur comhairle agus dea-chleachtas é sin atá mar chuid de shaineolas na dtáirgeoirí.

Foroinn 5.9 'Gas an bhlátha a bhaint'

Forlíontar an abairt leis an téarma '*bâton*' (maolghas), a thagraíonn freisin do ghas an bhlátha, tríd an téarma traidisiúnta '*despoulinage*', a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar a bhaint, agus tríd an gcéim fhiseolaíoch nach mór baint a dhéanamh ('roimh bhuaint').

Foroinn 5.10 'Buaint'

Scriosadh na dátaí buainte toisc nach féidir an bhainistíocht is fearr a dhéanamh ar an mbuaint leo. Athraíonn dátaí buainte de réir na bliana.

Cuireadh dhá mhodh chun a shainaithint cathain a bhíonn an ghairleog aibí go fiseolaíoch in ionad na ndátaí, ionas gur féidir measúnú a dhéanamh agus tús a chur leis an mbuaint an tráth is fearr, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go mbuantar an ghairleog ag an aibíocht is fearr is féidir:

'- cóimheas meáchain bleibe/duilleoige arna ríomh ag níos mó ná 1.8 (déantar na gais a bhearradh go dtí thart ar 2 cm agus baintear an chré ó na fréamhacha);

— measúnú amhairc, gan níos mó ná ceithre dhuilleog ghlasa a bheith ar an bplanda.'

Foroinn 5.11 'Modhanna triomaithe'

Cuireadh foclaíocht úr ar an bhforoinn sin chun mionsonraí faoi na modhanna aerála údaraithe 'nádúrtha' agus 'dinimiciúla' a áireamh, modhanna a chomhfhreagraíonn do na modhanna triomaithe atá ann faoi láthair sa limistéar geografach.

Cuireadh isteach an ceanglas ar dá réir nach mór go gcailleann an táirge meáchan tríd an bpróiseas triomaithe chun leibhéal íosta triomaithe a ráthú agus ar an gcaoi sin dea-stádas sláinte agus seilfré na mbleibeanna a áirithiú.

Foroinn 5.12 'Modhanna stórála roimh mhargaíocht tosaigh'

Coinnítear an fhéidearthacht stóráil a dhéanamh ag teocht an tseomra ar bun.

Scriosadh na dálaí stórála 15 °C ± 2 agus 80 % ± 15 bogthaise choibhneasta. Ní leor an modh sin, a bhí in úsáid nuair a cláraíodh an TGFC, ar deireadh toisc go raibh tionchar an-diúltach aige ar chaomhnú na gairleoige agus thug táirgeoirí meath ar stádas sláinte an táirge faoi deara. Scriosadh freisin an ceanglas maidir leis an ngairleog a stóráil sna dálaí sin ó mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh chun é a chur ar an margadh tar éis mhí na Nollag.

Cuireadh isteach an fhéidearthacht stóráil a dhéanamh i seomra fuar toisc go gcuireann sé coinníollacha fabhracha ar fáil chun an ghairleog a chaomhnú. Stopann fuarstóráil na bleibeanna ó phéacadh agus caomhnaíonn sí a stádas sláinte, agus an tráth céanna, seachnaítear léi ídiú cúltaiscí nó scaipeadh lobhadh ar fud na bleibe. Údaraítear í leis an tsonraíocht le haghaidh 'Ail rose' Label Rouge LA Uimh. 02/66, a formheasadh ar an leibhéal náisiúnta, arb ionann a tháirgeoirí agus na táirgeoirí sin a tháirgeann an TGFC. Dá bhrí sin, tá an modh sin chun an ghairleog a chaomhnú in úsáid go forleathan cheana féin ag stáisiúin phacáistithe sa limistéar geografach agus ag táirgeoirí, a bhfuil seomraí fuara á bhfeistiú acu de réir a chéile.

Foroinn 5.13 'Scamhadh'

Bhí míreanna ar leithligh sa tsonraíocht táirge maidir le scamhadh de réir an chineáil pacáistíochta. Tá na pointí sin tugtha le chéile anois san fhoroinn chéanna agus tá faisnéis nua curtha leo. Soiléirítear leis na pointí breise na cleachtais atá ann faoi láthair maidir le scamhadh.

Tá na pointí a bhaineann le cur i láthair an diosca fréimhe coitianta maidir le gach cineál pacáistíochta. Scriosadh an ceanglas maidir le 'scian nó miondeimheas' a úsáid. Fágadh an rogha uirlise faoin oibreoir toisc nach raibh aon tionchar ag an gceanglas sin ar cháilíocht an táirge chríochnaithe.

Forlíonadh an ceanglas maidir le cáilíocht bhaint na fréimhe leis na focail 'gan an diosca fréimhe a nochtadh', chun a áirithiú go bhfuil diosca fréimhe glan gan damáiste ag na bleibeanna, rud a sheachnaíonn fadhbanna le caomhnú agus fás na múscán.

Cuireadh cliathbhoscaí agus ciseoga isteach mar chineálacha pacáistíochta. Tá baint ag na cineálacha pacáistíochta sin leis an modh chun an ghairleog scaoilte (díol aonaid) a mhargú agus cuidíonn siad lena áirithiú go bhfuil seilfré mhaith ag an ngairleog, trí himbhuailtí idir na bleibeanna a laghdú agus láimhseáil a éascú. Úsáidtear go forleathan iad in stáisiúin phacáistithe agus úsáideann táirgeoirí iad chun an ghairleog a phacáistiú.

Laghdaíodh an ceanglas an ghairleog a bhearradh go 3 cm ar a mhéad ón mbleib go 2 cm. Nuair a chuirtear an ghairleog i láthair agus gas níos giorra aici, tá sé níos éasca í a láimhseáil le linn an phacáistithe agus is féidir í a phacáil níos dlúithe sna cineálacha éagsúla pacáistíochta, rud a laghdaíonn imbhuailtí idir na bleibeanna agus a chuireann feabhas ar a seilfré.

Cuireadh na focail 'de láimh' isteach i ndáil leis an ngairleog a scamhadh. Rinneadh an chéim sin de láimh i gcónaí, rud a fhágann gur féidir na bleibeanna a láimhseáil ar bhealach chomh cúramach agus is féidir. Cinneadh an chéim sin a chur sa tsonraíocht táirge chun í a dhéanamh sainordaitheach.

Leagadh amach mionsonraí maidir leis an modh chun an ghairleog a scamhadh le haghaidh gach cineál pacáistíochta:

— scamhtar an ghairleog chun ciseal amháin nó dó den truaill a fhágáil ionas go mbeidh dath bándearg na n-ingne le feiceáil tríthi;

— nó scamhtar í trí chiseal amháin nó dó den truaill a bhaint, agus ciseal glan a nochtadh; fágtar na cisil atá fágtha chun an bhleib a chosaint ar imbhuailtí. Is fearr an cineál scafa sin le haghaidh pacáistíochta ar dócha go mbeidh níos mó imbhuailtí mar gheall uirthi, amhail líonta.

Foroinn 5.14 'Sórtáil/socrú méide'

Ní raibh an fhoroinn sin sa tsonraíocht táirge chláraithe. Cinneadh í a chur isteach toisc gur céim fhíor-riachtanach í chun 'Ail rose de Lautrec' d'ardchaighdeán a fháil agus ar mhaithe le cur i láthair bleibeanna a chomhlíonann saintréithe na sonraíochta táirge. Is éard atá i gceist leis an gcéim sórtála/socraithe méide bleibeanna nach gcomhfhreagraíonn do shaintréithe TGFC, i dtéarmaí cuma amhairc, fabhtanna cuma agus méide, a dhiúscairt.

Liostaítear na fabhtanna amhairc éagsúla chun an chéim sórtála/socraithe méide a shoiléiriú.

Foranna 5.15 'Pacáistiú', 5.16 'Cineálacha pacáistíochta atá údaraithe do tháirgeoirí' agus 5.17 'Cineálacha pacáistíochta atá údaraithe do shaoráidí pacáistithe'

Tá pacáistiú 'Ail rose de Lautrec' srianta don limistéar geografach. Tá údar maith leis sin mar gheall ar leochaileacht an táirge, atá íogair do láimhseáil agus d'imbhuailtí a d'fhéadfadh a bheith ann. Áirithítear leis an saineolas atá faighte ag na hoibreoirí áitiúla táirge críochnaithe ar ardchaighdeán. Cuireadh an t-údar leis an teorannú sin sa tsonraíocht táirge (Foroinn 5.15 'Pacáistiú') agus sa Doiciméad Aonair (pointe 3.5).

Leasaíodh an roinn bhunaidh den tsonraíocht táirge maidir le pacáistiú chun na ceanglais éagsúla maidir le pacáistiú a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe. Chomh maith leis an réamhrá, roinntear an téacs ina dhá fhoroinn ar leith: sa chéad fhoroinn tugtar tuairisc ar na cineálacha pacáistíochta atá údaraithe do tháirgeoirí agus sa dara foroinn liostaítear na cineálacha pacáistíochta atá údaraithe do shaoráidí pacáistithe.

Tá na ceanglais mhionsonraithe (meáchain agus méideanna pacáistithe) leagtha amach do gach cineál pacáistíochta.

Cuireadh cliathbhoscaí agus ciseoga isteach mar chineálacha pacáistíochta. Tháinig na cineálacha pacáistíochta sin chun cinn tar éis an TGFC a chlárú. Áirithíonn siad go bhfuil seilfré mhaith ag an ngairleog trí imbhuailtí idir na bleibeanna a laghdú, trí aeráil mhaith a cheadú agus trí láimhseáil a éascú. Úsáidtear go forleathan iad in stáisiúin phacáistithe agus úsáideann táirgeoirí iad chun an ghairleog a phacáistiú.

Cuireadh isteach na ceanglais phacáistithe i dtéarmaí meáchain uasta agus méideanna údaraithe le haghaidh cliathbhoscaí agus ciseog.

I gcás táirgeoirí, rinneadh pacáistiú i 'sreangáin' a mhiondealú ina 'sreangáin' agus ina 'nglaca' (comhfhreagraíonn 'glaca' do na sreangáin 0,250 kg sa téacs bunaidh), ionas gur féidir ceanglais mhionsonraithe maidir le gach ceann de na cineálacha pacáistíochta údaraithe sin a sholáthar. Cuireadh dhá mhodh ceangail a d'fhéadfadh a bheith ann isteach i ndáil le glaca: 'banda leaisteach donn/dearg nó téip ghreamaitheach dhearg' i dteannta 'sreangán dearg'. Cuireadh isteach freisin an ceanglas glaca a chur i láthair 'ar an mbealach céanna le haghaidh na baisce iomláine'. I gcás sreangán: coinníodh na meáchain údaraithe ar bun; cuireadh sreangán 4 kg in ionad an tsreangáin 5 kg (is deacair sreangáin 5 kg a láimhseáil agus cailleann siad a ndolúbthacht, agus an meáchan a theorannú go 4 kg, cuireann sé cosc ar imbhuailtí idir na bleibeanna le linn pacáistithe agus tar éis iad a chur ar an margadh); scriosadh an líon bleibeanna in aghaidh an tsreangáin; cuireadh foclaíocht nua ar na ceanglais mhéide ach coinníodh ar bun iad agus cuireadh difríocht mhéide uasta isteach.

Tá na ceanglais sin uile fíor-riachtanach chun cur i láthair optamach agus aonfhoirmeach an táirge a áirithiú.

Forlíonadh an fhoroinn maidir le pacáistíocht atá údaraithe le haghaidh saoráidí pacáistithe leis an bhféidearthacht sreangáin líontáin a bheith ann chun na bleibeanna a chosaint nuair a chuirtear ar an margadh iad, chomh maith leis an bhféidearthacht bleibeanna a phacáistítear i gcliathbhoscaí ar dtús a chur i líonta nó i gciseoga lena margú i gcainníochtaí níos lú.

Scriosadh na tagairtí d'aicmí gairleoige toisc go raibh siad bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 2288/97, nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

Cuireadh na cineálacha pacáistíochta údaraithe le pointe 3.5 den Doiciméad Aonair.

Foroinn 5.18 'Margaíocht'

Maidir leis an abairt seo a leanas den tsonraíocht táirge (faoi 'Tuairisc ar an táirge'):

'Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse mhargaíochta ó mhí Iúil go mí an Mhárta',

cuireadh an téacs seo a leanas isteach ina hionad faoi 'Modh táirgthe':

'Socraíonn an comhlacht cosanta agus bainistíochta an dáta tosaigh chun TGFC "Ail rose de Lautrec" a mhargú ag brath ar mheándáta buainte an tséasúir agus ar na hagaí triomaithe is gá. Cuirtear an dáta sin in iúl don Chomhlacht Deimhniúcháin agus do na táirgeoirí.

Socraíonn oibreoirí gurb é an 31 Bealtaine den bhliain tar éis na buainte deireadh na margaíochta.'

Rinneadh an cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an gceanglas sin agus dáta tosaigh margaíochta a chur isteach chun a áirithiú gur chomhlíonann táirgeoirí na hagaí triomaithe is gá. Is é an grúpa a shocraíonn an dáta tosaigh le haghaidh margaíochta, a bhunaíonn a chinneadh ar anailís ar shampla den ghairleog atá ionadaíoch don limistéar geografach iomlán.

Cuirtear síneadh leis an dáta deiridh uasta le haghaidh margaíochta ó dheireadh mhí an Mhárta go dtí deireadh mhí na Bealtaine. Mar gheall ar fhorbairtí i dtrealamh caomhnaithe, go háirithe fuarstóráil, is féidir an ghairleog a choinneáil níos faide, gan aon tionchar ar an táirge críochnaithe.

Áirithítear le dáta an 31 Bealtaine nach bhfuil gairleog ó dhá bhliain mhargaíochta éagsúla ar an margadh ag an tráth céanna.

— Roinn 'Nasc'

Athscríobhadh an roinn sin go hiomlán chun an nasc idir an limistéar geografach agus saintréithe sonracha 'Ail rose de Lautrec' a léiriú ar bhealach níos fearr. Rinneadh é a athoibriú freisin i gcomhréir leis na ceanglais atá ann faoi láthair maidir le dréachtú na roinne sin.

Tá an nasc bunaithe ar fhoras an naisc chúisígh ar tugadh tuairisc air ar dtús sa tsonraíocht táirge atá ann cheana:

Áiríodh na heilimintí a bhaineann le hábharthacht an terroir agus na cleachtais áitiúla sa mhír maidir le 'tosca nádúrtha agus daonna'.

A mhéid a bhaineann leis an abairt a bhaineann leis an bhfíoras go seasann an táirge amach mar gheall ar a dhath, a sheilfré agus a cháilíochtaí blais, áiríodh na heilimintí a bhaineann le dath agus seilfré faoi shainiúlacht an táirge. Scriosadh coincheap cháilíocht an bhlais, toisc go dtagraíonn sé do sheansonraíocht Label Rouge agus níl aon anailís chéadfach ag an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta chun an ghné sin a chruthú.

Tugadh na pointí a bhaineann le gradam an táirge cothrom le dáta agus áiríodh iad faoin nasc cúisíoch sa mhír maidir le cruthúnas ar chlú.

Scriosadh an mhír a bhaineann le síolta a fhástar in ithreacha éagsúla, toisc nach gcomhfhreagraíonn sí a thuilleadh do na ceanglais chun an roinn maidir leis an nasc leis an timpeallacht gheografach a dhréachtú agus nach bhfuil sí bunaithe ar aon staidéar sainaitheanta.

Cuireadh an abairt seo a leanas leis an tsonraíocht táirge agus leis an Doiciméad Aonair araon:

'Tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe ar cháil agus ar cháilíocht an táirge, rud a dhíorthaítear ó na tosca nádúrtha agus daonna is saintréithe den limistéar geografach iad.'

Leathnaíodh sainiúlacht an limistéir gheografaigh (tosca nádúrtha agus daonna).

Tugtar tuairisc ar shainiúlacht an táirge mar a leanas:

‘Is gairleog thriomaithe mhalartach í “Ail rose de Lautrec” a bhfuil tréimhse shuanachta fhada aici.

Is é craiceann bándearg a hingne is príomhthréith di, ar féidir é a fheiceáil tríd an dá chiseal dheireanacha de thruaill na bleibe.

Tá cruth cothrom ar na bleibeanna, gan *surgousses*, agus tá méid 40 mm ar a laghad iontu. Tá gas blátha i lár na bleibe. Is í an tsainiúlacht sin is bunús le cur i láthair traidisiúnta “Ail rose de Lautrec” i bhfoirm sreangáin, nó *manouille*.

Tá seilfré mhaith aici, rud a fhágann gur féidir í a dhíol ó mhí Iúil go mí na Bealtaine (den bhliain tar éis na buainte).’

Cuireadh an nasc cúisíoch lena dtugtar tuairisc ar an nasc idir an táirge agus a limistéar geografach isteach, lena mbunaítear an nasc idir na tosca nádúrtha agus daonna agus sainiúlacht an táirge.

5.2. *Leasuithe eagarthóireachta*

Achoimre agus iarscríbhinní: Scriosadh an achoimre chun na treoracha is infheidhme ar an leibhéal náisiúnta a chomhlíonadh arb é is aidhm dóibh dréachtú na sonraíochtaí táirge a chomhchuibhiú.

Scriosadh na hiarscríbhinní uile a ghabhann leis an tsonraíocht táirge chláraithe toisc gur léaráidí iad nach bhfuil fíor-riachtanach chun an tsonraíocht a thuiscint.

Sa roinn ‘Údarás inniúil sa Bhallstát’, cuireadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (l’Institut national de la qualité et de l’origine – INAO) isteach mar údarás inniúil an Bhallstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

Sa roinn ‘Grúpa iarrthach’, tugadh sonraí teagmhála an ghrúpa iarrthaigh cothrom le dáta. Scriosadh an chuid thuairisciúil maidir leis an ngrúpa iarrthach. Scriosadh an líon comhaltaí agus liosta na gcantún nó na mbardas ón roinn sin, toisc go bhfuil an liosta le feiceáil cheana sa roinn ‘Limistéar geografach’. Scriosadh liosta na gcuideachtaí iartheachtacha freisin toisc go dtagraíonn sé do Label Rouge Uimh. 02-66.

Níor athraíodh an fhaisnéis bhunúsach maidir le comhdhéanamh an ghrúpa ná maidir lena stádas dlíthiúil. Tugann an grúpa táirgeoirí-pacáisteoirí agus saoráidí pacáistithe gairleoige le chéile fós.

Athbhreithníodh an roinn ‘Cineál an táirge’ chun í a chur i gcomhréir leis an ainmníocht atá ann faoi láthair.

Sa roinn ‘Comhlacht rialúcháin’, scriosadh ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta deimhniúcháin i gcomhréir leis na treoracha is infheidhme ar an leibhéal náisiúnta arb é is aidhm dóibh dréachtú na sonraíochtaí táirge a chomhchuibhiú. Scriosadh freisin an plean cigireachta i bhfoirm tábla, ina léirítear mionsonraí na ‘seiceálacha teicniúla’, na ‘seiceálacha cáilíochta’, na ‘féinseiceálacha’ agus na ‘seiceálacha a dhéanann an comhlacht deimhniúcháin’. Faoin roinn seo, cuirtear sonraí teagmhála na n-údarás atá freagrach as cigireachtaí náisiúnta ar fáil feasta, i.e.: an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) agus Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, Gnóthaí Tomhaltóra agus Caolais a Chosc (DGCCRF). Is féidir ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta deimhniúcháin a aimsiú ar shuíomh gréasáin INAO agus i mbunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh. Leagtar amach an fhaisnéis uile maidir leis na seiceálacha ar oibreoirí sa phlean cigireachta a chomhfhreagraíonn don tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC ‘Ail rose de Lautrec’.

Sa roinn maidir le lipéadú:

Scriosadh na tagairtí do Rialachán Teicniúil Uimh. 02-66 (Label Rouge):

— tagairt don Choimisiún Náisiúnta um Lipéadú;

— dronuilleog an chaighdeánaithe;

— lógó Label Rouge agus a uimhir formheasa.

Scriosadh na tagairtí do ‘Arqualim’, toisc go ndéanann comhlacht rialúcháin seiceálacha anois faoi údarás INAO.

Scriosadh an ceanglas dáta an phacáistithe a ghreamú le haghaidh málaí agus líonta; áirithítear inrianaitheacht cheana féin trí uimhir uathúil a áireamh ar gach lipéad.

Cuireadh greamáin ar fáil le haghaidh bleibeanna is féidir a dhíol ina n-aonar. Is é is aidhm do na lipéid sin an táirge a shainaithint agus é a dhéanamh níos inaitheanta don tomhaltóir.

Dáileann an comhlacht cosanta agus bainistíochta an phacáistíocht uimhrithe agus na lipéid uimhrithe uile chun comhlíonadh na gcritéar lipéadaithe a áirithiú agus chun a áirithiú go gcoimeádtar taifid ar na lipéid.

Sa roinn 'Ceanglais náisiúnta', i bhfianaise forbairtí reachtacha agus rialála náisiúnta:

— scriosadh na tagairtí do Label Rouge Uimh. 02-66;

— Cuireadh an roinn 'Ceanglais náisiúnta' i láthair i bhfoirm tábla leis na príomhphointí atá le seiceáil agus a modh meastóireachta.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Ail rose de Lautrec'**

**PGI-FR-0193-AM01 – 30.3.2021**

**ATFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Ail rose de Lautrec'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Fhrainc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

**- Cód Ainmníochta Comhcheangailte**

— **0703** – Oinniúin, seallóidí, gairleog, cainneanna agus glasraí eile den chineál Alliaceae, iad úr nó fuaraithe

— **0703 20 00** – Gairleog

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is gairleog bhándearg mhalartach í 'Ail rose de Lautrec' a bhfuil tréimhse shuanachta fhada aici agus a dhíoltar agus í triomaithe. Fástar í ó na cineálacha Edenrose, Goulurose, Ibérose, Jardirose agus Rose de Lautrec.

Tá seilfré fhada nádúrtha aici.

Éiríonn craiceann a hingne bándearg nuair a thriomaítear an bhleib.

Saintréithe di is ea méid atá níos mó ná 40 mm nó cothrom leis sin agus bleib ag a bhfuil cruth rialta cruinn arb éard atá inti roinnt ingne (idir 8 agus 12 ionga atá le feiceáil ón taobh amuigh). Cuirtear na bleibeanna i láthair ina n-iomláine, agus iad teann, beagán easnach, gan líon iomarcach ingne beaga (*surgousses*) agus le truaill sheachtrach amháin ar a laghad. Téann na hingne go docht le chéile.

Déantar na fréamhacha a scoitheadh go cothrom, gan dochar a dhéanamh don diosca fréimhe nó gan é a nochtadh.

Féadfar an méid seo a leanas a bheith i gceist le 'Ail rose de Lautrec':

— cuirtear i láthair í le ciseog amháin nó dó den truaill bainte di, lena nochtar ciseal glan; fágtar na ciseoga atá fágtha chun an bhleib a chosaint ar imbhuailtí;

— scafa síos go ciseog amháin nó dó den truaill, ag nochtadh dhath bándearg na n-ingne.

Ag deireadh an timthrialla fáis, cuireann sé gas blátha suas sa lár, a iompraíonn bláthcheann aimrid.

Ní mór na bleibeanna a bheith saor ó fhabhtanna cuma (fiafháis, bithphataiginí, imbhuailtí agus marcanna scine, fabhtanna scafa agus eile). D'fhéadfadh scoilteanna beaga a bheith i láthair sa truaill sheachtrach.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar saothrú, scamhadh agus triomú sa limistéar geografach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir 'Ail rose de Lautrec' a dhíol i bhfoirm sreangán traidisiúnta (ar a dtugtar *manouilles* freisin) nó i nglaca.

Déantar 'Ail rose de Lautrec' a phacáistiú, laistigh den limistéar geografach, i gcliathbhoscaí, i gciseoga, i málaí nó i líonta.

Tá pacáistiú 'Ail rose de Lautrec' laistigh den limistéar geografach fíor-riachtanach chun a saintréithe amhairc agus a stádas sláinte araon a chaomhnú.

Tá 'Ail rose de Lautrec' an-íogair d'imbhuailtí, rud a cheanglaíonn forairdeall ar leith ó oibreoirí ag gach céim den táirgeadh, go háirithe le linn pacáistithe. Láimhseáiltear an ghairleog go cúramach agus a laghad agus is féidir, chun imbhuailtí a íoslaghdú agus truaill sheachtrach na mbleibeanna a chaomhnú. Coinnítear 'Ail rose de Lautrec' freisin faoi choinníollacha sonracha (fuarstóráil, nó foscadh ón ngrian agus drochaimsir) chun stádas sláinte maith an táirge a chaomhnú.

Ina theannta sin, braitheann pacáistiú ar shaineolas áitiúil na n-oibreoirí, rud a chuidíonn freisin le saintréithe 'Ail rose de Lautrec' a bhunú agus a chaomhnú, tríd an méid seo a leanas:

— na bleibeanna a shórtáil agus a roghnú go mion, rud a fhágann gur féidir cuir i láthair a chruthú atá aonfhoirmeach ó thaobh datha, méide agus crutha de. Sainmhínítear sa tsonraíocht táirge na méideanna agus na meáchain údaraithe do gach cineál pacáistíochta údaraithe agus, i gcás cineálacha áirithe pacáistíochta, sainmhínítear freisin na difríochtaí uasmhéide agus dath na gceanglóirí agus na líonta;

— na bleibeanna a shuí sa phacáistíocht chun láimhseáil a sheasamh agus chun imbhuailtí idir na bleibeanna a chosc nuair a chuirtear ar an margadh iad: bairr na sreangán agus na nglac a bhailiú le chéile chun cnuasach docht a fháil, ag áirithiú go bhfuil na málaí, na líonta agus na ciseoga séalaithe chomh gar do na bleibeanna agus is féidir, agus na bleibeanna a phacáil go docht i gcliathbhoscaí.

Ullmhaítear na sreangáin, na glaca, na málaí 5 kg agus na cliathbhoscaí ar na feirmeacha, ag tarraingt ar shaineolas na dtáirgeoirí. Is é an sreangán gairleoige, nó *manouille*, an modh traidisiúnta chun 'Ail rose de Lautrec' a ullmhú lena díol, agus baineann sé go han-sonrach leis an limistéar geografach atá i gceist.

Fágann pacáistiú sa cheantar freisin go bhfuil sé níos éasca na táirgí a rianú agus faireachán a dhéanamh orthu.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar an lipéad:

— an uimhir phacáistithe uathúil;

— ainm nó cód aitheantais an phacáisteora nó an táirgeora.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn an limistéar geografach na bardais seo a leanas de chuid Roinn Tarn:

Aguts, Algans, Appelle, Aussac, Bannieres, Belcastel, Bertre, Blan, Briatexte, Brousse, Busque, Cabanes, Cadalen, Cambon Les Lavaur, Cambounet sur le Sor, Carbes, Carlus, Castres, Cuq, Cuq Toulza, Damiatte, Denat, Fenols, Fiac, Frejeville, Garrigues, Graulhet, Guitalens l'Albarede, Jonquieres, Labastide Denat, Labessiere Candeil, Laboulbene, Laboutarie, Lacougotte Cadoul, Lacroisille, Lamillarie, Lasgraisses, Lautrec, Lavaur, Le Sequestre, Lombers, Magrin, Marzens, Massac Seran, Maurens Scopont, Missecle, Montcabrier, Montdragon, Montfa, Montgey, Montpinier, Moulayres, Mouzens, Orban, Pechaudier, Peyregoux, Poudis, Poulan Pouzols, Prades, Pratviel, Puechoursi, Puybegon, Puycalvel, Puylaurens, Realmont, Roquevidal, Rouffiac, Salies, Semalens, Servies, Sieurac, Saint Agnan, Saint Gauzens, Saint Genest De Contest, Saint Germain Des Pres, Saint Germier, Saint Julien Du Puy, Saint Paul Cap De Joux, Saint Sernin Les Lavaur, Teulat, Teyssode, Veilhes, Venes, Vielmur Sur Agout, Villeneuve Les Lavaur, Viterbe, Viviers Les Lavaur.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe ar cháil agus ar cháilíocht an táirge, rud a dhíorthaítear ó na tosca nádúrtha agus daonna is saintréithe den limistéar geografach iad.

Tá limistéar táirgeachta 'Ail rose de Lautrec' lonnaithe i Roinn Tarn, timpeall chomún Lautrec. Is cré-aolchloch iad na hithreacha sa limistéar den chuid is mó, gan aon chloch mhór. Tá draenáil nádúrtha maith acu. Tá aeráid fho-Mheánmhuirí sa limistéar. Séideann gaoth Autan (anoir aneas) go han-mhinic. Tugann sí teochtaí séimhe agus cuireann sí teorainn leis an bhfrasaíocht.

Cuirtear 'Ail rose de Lautrec' ó dheireadh mhí na Samhna. Is saintréith ar leith dá cuid é go bhfuil gas blátha teann aici. Chun fás na bleibe a bharrfheabhsú, baineann táirgeoirí gas an bhlátha (próiseas ar a dtugtar *despoulinage*). Déantar an bhuaint nuair a bhíonn aibíocht bainte amach ag an mbarr, agus is féidir an ghairleog a chrochadh ansin chun é a thriomú ar bharraí ar an mbealach traidisiúnta nó é a thriomú trí aeráil dhinimiciúil.

Is gairleog thriomaithe mhalartach í 'Ail rose de Lautrec' a bhfuil tréimhse shuanachta fhada aici. Is é craiceann bándearg a hingne is príomhthréith di, ar féidir é a fheiceáil tríd an dá chiseal dheireanacha de thruaill na bleibe.

Bíonn cruth cothrom ar na bleibeanna, gan *surgousses*, agus bíonn méid 40 mm ar a laghad iontu. Bíonn gas bláthanna i lár na bleibe.. Is í an tsainiúlacht sin is bunús le cur i láthair traidisiúnta 'Ail rose de Lautrec' i bhfoirm sreangáin, nó *manouille*.

Tá seilfré mhaith aici, rud a fhágann gur féidir í a dhíol ó mhí Iúil go mí na Bealtaine (den bhliain tar éis na buainte).

Tugann saintréithe nádúrtha an limistéir, mar aon le saineolas na dtáirgeoirí agus na saoráidí pacáistithe, cáilíocht don táirge críochnaithe a aithníonn tomhaltóirí, rud a chuidíonn le clú 'Ail rose de Lautrec' a bhunú.

Is é is príomhthréith do 'Ail rose de Lautrec' a dath, arb é is cúis le cineálacha a úsáid ó phobail áitiúla a fhorbraíonn ingne a bhfuil craiceann bándearg orthu, chomh maith le buaint nuair a bhíonn aibíocht bainte amach ag an mbarr agus dálaí triomaithe oiriúnacha a áirithiú. Ní bhíonn an dath bándearg le feiceáil ach ag an gcéim fhiseolaíoch a chomhfhreagraíonn d'aibíocht optamach na bleibe; ní ligfeadh buaint luath don phlanda an tsaintréith sin a fhorbairt, rud a threisíonn le linn an phróisis triomaithe. Dá bhrí sin, baineann saineolas na dtáirgeoirí go háirithe le rogha an dáta buainte agus leis an mbreathnóireacht mhionchúiseach ar fhorbairt fhiseolaíoch an phlanda.

Tá na hithreacha cré-aolchloiche sa limistéar geografach an-oiriúnach chun 'Ail rose de Lautrec' a fhás. Ós rud é go bhfuil siad saor ó chlocha móra, tugann siad deis don bhleib freisin fás i gcruth rialta agus aonfhoirmeach. Cuireann an dea-struchtúr ithreach ar chumas na bplandaí córas fréimhe domhain a bhunú agus rochtain a fháil ar sholáthar leordhóthanach uisce agus mianraí. Cuireann saintréithe na hithreach teorainn le huisce breise, rud nach bhfuil go maith don bharr agus atá fabhrach d'ionsaithe ó bhithphataiginí áirithe.

Fágann aeráid an limistéir gur féidir riachtanais an bhairr a chomhlíonadh freisin, a bhuí leis an méid seo a leanas:

— fómhar measartha tirim, rud a chiallaíonn gur féidir an ithir a ullmhú chomh maith agus is féidir, rud a chuireann teorainn leis na rioscaí a bhaineann le galair áirithe nó le fadhbanna fiseolaíocha áirithe;

— geimhrí séimhe a bhriseann suanacht agus a chomhlíonann an gá atá ag an mbarr a bheith fuar, gan damáiste seaca a dhéanamh;

— téamh na hithreach agus filleadh báistí móire i dtreo dheireadh an gheimhridh, rud a spreagann an planda dul isteach ina chéim ghníomhach fáis agus a chomhlíonann a riachtanais;

— dálaí aimsire níos séimhe ag tús an tsamhraidh, in éineacht le gaoth te, thirim Autan, atá fabhrach do bhuaint nuair atá aibíocht agus triomú bainte amach ag an mbarr chun ionsaithe bithphataiginí a theorannú.

Cuireann na dálaí aeráide sin le táirgeadh bleibeanna móra agus rialta gan *surgousses* atá teann agus nach bhfuil aon fhabht cuma ná fáis orthu.

Tá dea-stádas sláinte ag 'Ail rose de Lautrec' mar gheall ar fhorbairt na gcleachtas saothraithe a ghlac táirgeoirí sa limistéar geografach chun leathadh galar a laghdú freisin: uainíocht na mbarr agus toirmeasc ar bharra áirithe roimhe sin, bainistiú dátaí curtha agus leasú iomchuí.

Tá seilfré mhaith ag 'Ail rose de Lautrec' a bhuí le húsáid cineálacha áirithe a bhfuil tréimhse fhada shuanachta acu (péacadh déanach) agus saineolas oibreoirí maidir le himbhuailtí a theorannú ag na céimeanna éagsúla láimhseála (buaint, sórtáil/socrú méide agus pacáistiú).

Is céim fhíor-riachtanach é an triomú freisin chun a áirithiú go gcaomhnófar an táirge ar feadh na tréimhse margaíochta agus go mbeidh an ghairleog in ann a dath bándearg a fhorbairt. Le tréimhse íosta thriomaithe agus timpeallacht oiriúnach, is féidir leis an táirge buainte 25 % ar a laghad dá mhais a chailleadh in uisce.

Tugann saineolas na dtáirgeoirí maidir leis na bleibeanna a scamhadh de láimh cuma ghlan dóibh agus cumasaíonn sé dath bándearg na n-ingne a bheith le feiceáil nuair a scamhtar na bleibeanna síos go dtí an ciseal truaille deireanach. Éilítear leis an obair an-mhionsonraithe sin ar na táirgeoirí máistreacht a fháil ar an ngníomh sin ionas nach ndéanfaidh siad damáiste don bhleib agus d'fhonn truaill sheachtrach neamhstróicthe a chaomhnú agus na fréamhacha a ghearradh go cothrom agus an diosca fréimhe á chaomhnú an tráth céanna.

Le linn na céime sin, ní mór don táirgeoir freisin teorainn a chur le himbhuailtí, gortuithe nó brú, a bhfuil 'Ail rose de Lautrec' an-íogair ina leith, chun pointí iontrála le haghaidh bithphataiginí áirithe a laghdú, go háirithe.

Le húsáid cineálacha a bhfuil gas dolúbtha blátha acu, is féidir cuir i láthair thraidisiúnta a dhéanamh i bhfoirm sreangán, nó *manouilles*. Déantar an cineál pacáistithe sin ar an bhfeirm. Tá clú agus cáil ar 'Ail rose de Lautrec' dá bharr, agus éilítear léi saineolas nach bhfuil ach ag na táirgeoirí.

Áirithíonn na céimeanna láimhe go léir a bhaineann le pacáistiú go mbailítear na bleibeanna go docht le chéile chun imbhuailtí eatarthu a chosc nuair a chuirtear ar an margadh iad. Áirithíonn siad freisin go bhfuil cuir i láthair aonfhoirmeach ó thaobh amhairc de maidir le méid, cruth agus dath, toisc go ndéantar dianroghnú ar na bleibeanna.

Bhunaigh Syndicat de l'Ail Rose de Lautrec an fhéile bhliantúil 'Ail rose de Lautrec' go luath sna 1970idí chun tús na tréimhse margaíochta a cheiliúradh. Bíonn comórtas don *manouille* is áille i gcónaí ar chlár na féile. Tá an fhéile thraidisiúnta sin anois ina hócáid nár cheart a chailleadh i Roinn Tarn, a mheallann níos mó ná 10 000 cuairteoir gach bliain.

Bronnadh lipéad 'Site remarquable du goût' [Suíomh iontach blais] freisin ar shráidbhaile Lautrec thart ar 10 mbliana ó shin, a bhuí le cáil a ghairleoige.

Tá an dea-cháil sin le feiceáil go tráthrialta sa phreas. I mí Lúnasa 1993, thug nuachtán *Tarn infos* tuairisc ar 'Ail rose de Lautrec' mar 'sheod an gheilleagair áitiúil'. Ina eagrán Bealtaine/Meitheamh 2008, scríobhadh san irisleabhar *La vie du jardin* faoi 'clú "Ail rose de Lautrec", a bhfuil cáil uirthi mar gheall ar a blas, a dea-bholadh éadrom agus a seilfré fhada', agus léiríodh san iris *Magnetic news* 'Ail rose de Lautrec' ina roinn 'L'épicerie de Rungis' [grósaera Rungis], inar tugadh tuairisc uirthi mar 'an ceann is galánta de na gairleoga uile', 'an ceann is ansa le daoine a bhfuil dúil acu i mbia' agus 'a bhfuil tóir mhór ag príomhchócairí uirthi agus a mbaineann lucht scoth an bhia taitneamh aisti'.

Is minic a úsáidtear ‘Ail rose de Lautrec’ i gcistineacha príomhchócairí áitiúla agus scoth na bpríomhchócairí araon. In 2011, dúirt Gilles Goujon, príomhchócaire a bhfuil réalta Michelin aige, in agallamh le haghaidh na hirise *Magnetic news* gur mheas sé gurb í ‘Ail rose de Lautrec’ ‘an t-aon ghairleog ar fiú í a úsáid in *haute cuisine*’. In alt a foilsíodh ar an suíomh gréasáin Nutrissime.com i mí Dheireadh Fómhair 2011, dhírigh Alain Ducasse, príomhchócaire a bhfuil réalta Michelin aige, aird ar ‘Ail rose de Lautrec’ freisin, agus dúirt sé: ‘Tá mé ag úsáid “Ail rose de Lautrec” i mo chuid cócaireachta le fada an lá; chomh fada agus a bhaineann sé liomsa, níl aon ghairleog eile den dea-cháilíocht sin ann’. Léirítear saintréithe sonracha ‘Ail rose de Lautrec’ ar an margadh lena luach eacnamaíoch níos airde i gcomparáid le gairleoga eile. Tá breisluach EUR 4 in aghaidh an chileagraim aici i gcomparáid le gairleog bhán gan tásc geografach.

**Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://extranet.inao.gouv.fr/fichier/CDC-IGPAilRoseLautrec20240422.pdf